**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta*

**2021/0227(BUD)**

8.9.2021

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

chuig an gCoiste um Buiséid

ar dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022
(2021/0227(BUD))

Rapóirtéir don tuairim: Luděk Niedermayer

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á iarraidh go mbeadh buiséad 2022 an Aontais i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip; á iarraidh go ndéanfaí buiséad 2022 an Aontais a ailíniú le gealltanais aeráide an Aontais faoi Chomhaontú Pháras;

2. á iarraidh go rannchuideodh buiséad 2022 an Aontais le comhlíonadh na dtosaíochtaí a leagtar amach sa Seimeastar Eorpach agus é i gcomhréir, san am céanna, leis an gComhaontú Glas don Eoraip, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus á iarraidh go n-úsáidfí an caiteachas a bhaineann leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ina chuid spriocanna beartais atá leagtha amach i sé cholún agus go rannchuideodh sé le haghaidh éifeachtach a thabhairt ar na dúshláin ar fad, nó ar chuid shuntasach díobh, arna sainaithint sna moltaí ábhartha tírshonracha;

3. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na ciorruithe arna moladh ag an gComhairle ar bhuiséad 2022 an Aontais agus á mheabhrú gur gá na gealltanais a comhaontaíodh i leith an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) a choinneáil ar an leibhéal idirinstitiúideach;

4. á mheas gur cheart do bhuiséad an Aontais leanúint de thacaíocht a thabhairt don téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta san Aontas Eorpach, téarnamh atá inbhuanaithe agus cuimsitheach, i ndiaidh phaindéim COVID-19 agus tacú i gcónaí le tosaíochtaí AE; á chur i bhfios go láidir go bhfuil na Ballstáit thíos le hiarmhairtí neamhshiméadracha mar thoradh ar an turraing shiméadrach a tharla de dheasca phaindéim COVID-19 agus ag tabhairt rabhaidh go bhfuil an baol ann go mbeidh téarnamh míchothrom agus éagórach ann ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon;

5. á iarraidh go mbeadh buiséad cuimsitheach de chuid an Aontais ann a chuideoidh le muintir na hEorpa déileáil leis na haistrithe digiteacha; á iarraidh go ndéanfaí Beartas Oideachais Dhigitigh AE agus an Limistéar Eorpach Oideachais a chur chun feidhme chun na cuspóirí maidir le scileanna digiteacha a bhaint amach;

6. ag tacú leis an gcur chuige atá glactha ag institiúidí an Aontais chun tacú leis an tsláinte agus chun dul i ngleic leis na turraingí eacnamaíocha agus sóisialta de dheasca phaindéim COVID-19; á thabhairt chun suntais go bhfuil an tacaíocht airgeadais is gá faighte ag gnólachtaí agus ag teaghlaigh ó bhris paindéim COVID-19 amach;

7. á chur i bhfáth gur cinneadh tábhachtach i mbuiséad an Aontais é Next Generation EU (NGEU) agus nach mbeidh rath ar an ionstraim ach amháin má bhaintear úsáid éifeachtúil as cistí; á mheabhrú nach bhfuil i bhformheas na bpleananna náisiúnta ach tús an phróisis agus á iarraidh ar an gCoimisiún a ráthú nach maoineofar ach tionscadail atá i gcomhréir le NGEU;

8. á iarraidh go mbeadh cur chuige níos réamhghníomhaí ag an gCoimisiún ó thaobh mí-úsáid chistí an Aontais, éagóracha agus coinbhleachtaí leasa a chomhrac; á chur i bhfáth

go bhfuil gá le feabhas suntasach chun an iontaoibh i bpríomhphrionsabail bheartas buiséadach an Aontais a choinneáil; á chur in iúl gur cúis bhuartha di faoina laghad dul chun cinn atá déanta, go háirithe ó thaobh an chaiteachais de, i réimse an Chomhbheartais Talmhaíochta, ina bhfuil níos lú trédhearcachta agus ina bhfuil ról an Choimisiúin ó thaobh rialú a dhéanamh ar úsáid chuí chistí an Aontais níos lú ná mar atá i gcodanna eile de bhuiséad an Aontais;

9. á chur i bhfáth gur gá bearta feabhsaithe agus spriocdhírithe chun tacú go pras agus go héifeachtach leis na daoine, na hoibrithe, na daoine féinfhostaithe, na hearnálacha agus na réigiúin is mó atá buailte ag an bpaindéim; á iarraidh go mbeadh níos mó acmhainní ann chun neamhionannais shóisialta agus inscne, an bhochtaineacht agus an dífhostaíocht a chomhrac, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná, ar an óige agus ar ghrúpaí leochaileacha;

10. ag cur béim ar a thábhachtaí atá acmhainní leordhóthanacha chun comhordú agus faireachán a dhéanamh ar bheartais mhaicreacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil, chun sciúradh airgid agus coireacht airgeadais a chomhrac agus chun an creat rialachais eacnamaíoch a fhorfheidhmiú***;*** á chur in iúl gurb oth léi go gcailleann an tAontas, na Ballstáit agus buiséad an Aontais na céadta billiún euro gach bliain de dheasca imghabháil cánach agus seachaint cánach, airgead a d’fhéadfaí a chur i dtreo na n-iarrachtaí téarnaimh;

11. á chur i bhfáth go háirithe gur gá, i bhfianaise thorthaí Thuarascáil Speisialta 13/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (‘an Chúirt Iniúchóirí’), acmhainní leormhaithe a leithdháileadh láithreach chun acmhainn an Choimisiúin a neartú chun a áirithiú go ndéanfar an reachtaíocht atá ann cheana maidir leis an gcomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach ar fud an Aontais;

12. á éileamh go mbeadh acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna ag an gCúirt Iniúchóirí, ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh chun grinnscrúdú a dhéanamh ar úsáid chistí an Aontais; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfuil ach mionmhéaduithe molta ag an gCoimisiún agus ag an gComhairle i mbuiséid na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí sin;

13. á mheabhrú gurb é an bealach is fearr chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach bhuiséad an Aontais a áirithiú ná bascaed acmhainní dílse nua a thabhairt isteach;

14. á chur i bhfios go láidir gur gá borradh a chur faoi théarnamh eacnamaíoch atá cothrom, inbhuanaithe agus cuimsitheach, agus athchóirithe atá cothrom ó thaobh na sochaí de á saothrú san am céanna chun geilleagair an Aontais a nuachóiriú agus chun feabhas a chur ar a n-athléimneacht, a gcomhtháthú agus a n-iomaíochas, mar aon le rochtain ar mhaoiniú a éascú d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus do ghnólachtaí nuathionscanta; á chur i bhfios go láidir go raibh diantionchar ag géarchéim COVID-19 ar FBManna; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá maoiniú leormhaith chun tacaíocht éifeachtach a thabhairt do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta; á iarraidh go n-éascófaí le buiséad 2022 an Aontais an rochtain ar chistiú a thacaíonn le cuideachtaí cuspóir an Aontais maidir le geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach;

15. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an Clár InvestEU; á éileamh gur cheart don Chlár InvestEU tús áite a thabhairt in 2022 do rochtain éascaithe ar mhaoiniú do FBManna mar

aon le maoiniú d’infheistíocht shóisialta agus scileanna;

16. á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh síneadh leis an gCreat Sealadach maidir le Státchabhair go dtí an 31 Nollaig 2021 i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19; á iarraidh go mbeadh acmhainní treisithe ann chun cur i bhfeidhm iomlán agus tapa bheartas iomaíochta an Aontais a áirithiú; ag moladh do na Ballstáit agus don Aontas, trína ionstraim théarnaimh nua, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, leas iomlán a bhaint as an gCreat Sealadach maidir le Státchabhair i ndáil le riachtanais airgeadais a bhaineann go díreach le paindéim COVID-19; ag dréim leis go ndéanfaidh an Coimisiún faireachán ar na scéimeanna uile atá formheasta faoin gCreat Sealadach agus ar a dtionchar ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh;

17. á chur i bhfios go láidir go bhfuil earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, mar aon le hearnáil na turasóireachta, lena n-áirítear an turasóireacht chultúrtha agus an t-oideachas, i measc na n-earnálacha is mó atá agus a bheidh thíos le héifeachtaí ghéarchéim COVID-19 atá roimh an Aontas;

18. á iarraidh go rannchuideodh an buiséad le tosaíochtaí an bheartais eacnamaíoch a bhaint amach, amhail cur i gcrích Aontas na Margaí Caipitil, d’fhonn feabhas a chur ar chothú timpeallachta infheistíochta fadtéarmaí agus inbhuanaithe agus ar an rochtain ar mhaoiniú do na rannpháirtithe uile sa mhargadh, go háirithe do FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, agus tuilleadh deiseanna infheistíochta d’infheisteoirí miondíola á gcruthú san am céanna;

19. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin faoi chuimsiú bhuiséad an Aontais agus á iarraidh ar an gCoimisiún níos mó solúbthachta a léiriú agus meastóireacht agus athmheasúnú á dhéanamh ar na tograí arna ndéanamh faoi bhuiséad an Aontais;

20. á iarraidh ar an gCoimisiún cur chuige níos déine a cheapadh i leith an tsaortha agus na cistí nár caitheadh a ath-leithdháileadh agus a athúsáid chun maoiniú a dhéanamh ar chuspóirí agus réimsí tosaíochta a comhaontaíodh ar an leibhéal idirinstitiúideach, go háirithe sna réimsí a bhaineann le bainistiú paindéime, an t-oideachas, cúram sláinte, an nuálaíocht agus beartais shóisialta;

21. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an trédhearcacht agus an chuntasacht i gcomhlachtaí a fhaigheann cistiú ón Aontas;

22. á iarraidh go mbeadh acmhainní leormhaithe airgeadais agus daonna ag na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna) i bhfianaise na gcúraimí agus na gcumhachtaí nua atá acu a eascraíonn as an athbhreithniú a rinneadh (le Rialachán (AE) 2019/2175) ar na Rialacháin maidir le ÚME; á iarraidh go mbeadh níos mó trédhearcachta ann maidir le feidhmiú a mbord maoirseoirí chun feabhas a chur ar a gcuntasacht agus ar a gcuid struchtúr rialachais;

23. i bhfianaise na n-easnamh a d’aithin an Chúirt Iniúchóirí i dTuarascáil Speisialta 13/2021 uaithi a mhéid a bhaineann le gníomhaíocht an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE) i réimse an chomhraic in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta; á mheas gur cheart cuid den bhuiséad a chur i gcúlchiste go dtí go n-áiritheoidh ÚBE go bhfuil na moltaí a leagtar amach sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí comhlíonta go hiomlán

agus ag glacadh straitéis shoiléir chun na huirlisí uile atá aici le haghaidh an chomhraic in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a úsáid go héifeachtach ina plean oibre le haghaidh 2022;

24. á thabhairt chun suntais go bhfuil nó go mbeidh inniúlachtaí agus cúraimí nua do ÚMEnna i gceist le forbairtí i réimsí an airgeadais inbhuanaithe, na teicneolaíochta airgeadais, an fhrithsciúrtha airgid, na cibear-athléimneachta, na n-íocaíochtaí agus na hidirghabhála airgeadais neamhbhainc agus gur cheart acmhainní leormhaithe a bheith ag gabháil leo; á chur i bhfios go háirithe gur cuireadh le sainorduithe agus cúraimí an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA) mar thoradh ar reachtaíocht a glacadh a bhaineann le contrapháirtithe lárnacha (CPLanna) an Aontais, ach nár cuireadh buiséad breise ar fáil chuige sin, rud a d'fhéadfadh brú a chur ar chumas ESMA clár oibre maoirseachta agus rialála a chuid CPLanna a chur i gcrích; á thabhairt chun suntais gur dócha go mbeidh inniúlachtaí nua ag na ÚMEnna de bharr an Rialacháin maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní (MiCA), an Rialacháin maidir le Córas Píolótach DLT agus an Ghnímh maidir le hAthléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA);

25. ag tabhairt dá haire go bhfuil ról tábhachtach ag Coiste Maoirseachta ESMA, maidir le CPLanna tríú tíortha agus an Aontais araon, ó thaobh margaí airgeadais na hEorpa a choinneáil cobhsaí agus in ord agus in eagar agus ó thaobh feabhas a chur ar chosaint infheisteoirí; ag tabhairt dá haire, cé go gcumhdaítear cistiú na ngníomhaíochtaí a bhaineann le CPLanna an Aontais le buiséad ESMA, go gcumhdaítear gníomhaíochtaí maoirseachta CPLanna tríú tíortha leis na táillí a bhailíonn ESMA ó CPLanna tríú tíortha; ag tabhairt dá haire nár cuireadh aon acmhainní breise ar fáil do ESMA i dtaca le cúraimí nua CPLanna an Aontais faoi EMIR 2.2 ná i dtaca le cúraimí téarnaimh agus athléimneachta CPLanna; á iarraidh go méadófaí maoiniú ESMA chun a áirithiú go mbeidh sé d'acmhainn ag Coiste Maoirseachta na CPLanna a chuid cúraimí leanúnacha agus bliantúla maidir le CPLanna an Aontais a chomhlíonadh; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat atá ann faoi láthair maidir le táillí a bhailiú ó CPLanna tríú tíortha ionas go mbeidh ESMA in ann méid a bhailiú a léireoidh inbhuanaitheacht agus inghlacthacht fhadtéarmach struchtúr na dtáillí, agus cur chuige níos comhréirí a bheith aige san am céanna i leith CPLanna a bhfuil leibhéil éagsúla gníomhaíochta acu atá ábhartha do mhargaí airgeadais an Aontais;

26. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Chomhairle ar aon tuairim leis an gCoimisiún maidir le maoiniú ÚMEnna; á chur i bhfáth, mar thoradh ar ghlacadh an bhuiséid atá beartaithe, gur cheart go ndéanfaí dul chun cinn soiléir sna réimsí ina leagtar roinnt freagrachtaí ar ÚMEnna agus ina bhfuil an chaoi a bhfuil cúrsaí faoi láthair míshásúil, go háirithe i réimse an fhrithsciúrtha airgid;

27. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go leanfaí ar aghaidh leis an gcistiú d'eintitis chuntasaíochta agus údaráis chánach, go háirithe chun tacú leo sa chomhrac in aghaidh calaois cánach, seachaint cánach agus imghabháil cánach, agus chun trédhearcacht agus deimhneacht a chur chun cinn; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart do na heintitis sin a bheith freagrach do Pharlaimint na hEorpa;

28. á iarraidh go mbeadh níos mó trédhearcachta ann in obair an Choimisiúin agus meastóireacht á déanamh aige ar threoirthionscadail arna gcur faoina bhráid ag Parlaimint na hEorpa, mar go bhféadfadh cuid acu dul chun tairbhe d'fheidhmiú an Aontais; á

thabhairt chun suntais go bhfuil easpa trédhearcachta agus soiléireachta ann sna modhanna oibre atá ann faoi láthair agus go bhfuil roinnt tograí tábhachtacha agus indéanta á ndiúltú dá barr, ar tograí iad a bhféadfadh breisluach a bheith ag baint leo;

29. á chur i bhfáth nach mór do gach eagraíocht a fhaigheann cistiú ón Aontas í féin a iompar ar bhealach atá neamhchlaonta agus neodrach ó thaobh na polaitíochta de;

30. ag tabhairt dá haire gur seoladh Faireachlann AE maidir le Coireanna Cánach agus Airgeadais mar réamhbheart; á mheas go bhféadfadh an Fhaireachlann sin rannchuidiú ar bhealach fónta leis an díospóireacht dhaonlathach is gá agus leis na cinnteoirí araon; á iarraidh ar an gCoimisiún tograí a dhéanamh chun go leanfar leis an bhFaireachlann tar éis 2022;

31. á mheabhrú go ndearnadh tabhairt isteach bascaeid acmhainní dílse nua a chomhtháthú sa chomhar idirinstitiúideach maidir le treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach; ag éileamh gur cheart sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha agus tobhach digiteach a ghlacadh agus a chur chun feidhme laistigh d'amlíne a fhágann gur féidir rannchuidiú le NGEU;

32. á iarraidh ar na Ballstáit na tograí reachtacha atá le teacht ón gCoimisiún maidir le tobhach digiteach athcheaptha, an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha agus Córas AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (CTA AE) a ghlacadh go pras agus an chaibidlíocht maidir le cáin ar idirbhearta airgeadais faoi nós imeachta an chomhair fheabhsaithe a thabhairt i gcrích faoi dheireadh 2022;

33. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le hacmhainní leormhaithe chun staitisticí ardcháilíochta a sholáthar agus a scaipeadh san Aontas; á chur i bhfáth, in ainneoin go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta, go bhfuil laigí agus bearnaí tábhachtacha fós ann maidir le hinúsáidteacht, cumhdach agus inrochtaineacht na staitisticí a sholáthraítear agus go bhfuil gá le gníomhaíocht phras; á mheas, dá bhrí sin, gur cheart cuid den bhuiséad a chur siar go dtí go mbeidh plean gníomhaíochta uaillmhianach curtha ar aghaidh ag Eurostat chun cur go suntasach le hinúsáidteacht a shuímh gréasáin, chun an inrochtaineacht ar shonraí agus faisnéis i dteangacha oifigiúla uile an Aontais a áirithiú agus chun staitisticí agus táscairí nua a fhorbairt a rannchuideoidh le cur chun feidhme bheartais agus thosaíochtaí an Aontais;

34. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá acmhainní leormhaithe chun tacú le forbairt caighdeán láidir agus iontaofa um thuairisciú airgeadais agus neamhairgeadais agus um iniúchóireacht ar fud an domhain agus ar fud an Aontais; á chreidiúint, áfach, gur cheart cuid den bhuiséad leithdháilte a chur siar go dtí go mbeidh obair leantach leormhaith déanta ag Fondúireacht na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) agus ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IASB) ar na héilimh ábhartha a rinne Parlaimint na hEorpa i rún uaithi an 7 Meitheamh 2016 maidir le meastóireacht na gcaighdeán idirnáisiúnta cuntasaíochta (IAS) agus gníomhaíochtaí Fhondúireacht IFRS, an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) agus an Bhoird Maoirseachta um Leas an Phobail (PIOB)[1].

[1] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52016IP0248&from=EN

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 1.9.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 45<br>–: 4<br>0: 7 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gunnar Beck, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Gilles Boyer, Francesca Donato, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Luis Garicano, Sven Giegold, Valentino Grant, Claude Gruffat, José Gusmão, Eero Heinäluoma, Michiel Hoogeveen, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, France Jamet, Othmar Karas, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtsos, Aurore Lalucq, Philippe Lamberts, Aušra Maldeikienė, Pedro Marques, Fulvio Martusciello, Costas Mavrides, Jörg Meuthen, Csaba Molnár, Siegfried Mureşan, Caroline Nagtegaal, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Dimitrios Papadimoulis, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Sirpa Pietikäinen, Dragoş Pîslaru, Evelyn Regner, Antonio Maria Rinaldi, Alfred Sant, Ralf Seekatz, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Ernest Urtasun, Inese Vaidere, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni, Roberts Zīle |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Niels Fuglsang, Eugen Jurzyca |

**VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR**

| 45 | + |
|---|---|
| PPE | Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Markus Ferber, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Georgios Kyrtsos, Aušra Maldeikienė, Fulvio Martusciello, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Ralf Seekatz, Inese Vaidere |
| Renew | Gilles Boyer, Engin Eroglu, Luis Garicano, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Caroline Nagtegaal, Dragoş Pîslaru, Stéphanie Yon-Courtin |
| S&D | Marek Belka, Jonás Fernández, Niels Fuglsang, Eero Heinäluoma, Aurore Lalucq, Pedro Marques, Costas Mavrides, Csaba Molnár, Evelyn Regner, Alfred Sant, Pedro Silva Pereira, Paul Tang |
| The Left | José Gusmão, Dimitrios Papadimoulis |
| Verts/ALE | Sven Giegold, Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Philippe Lamberts, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen, Ernest Urtasun |

| 4 | - |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen |
| ID | Gunnar Beck, Jörg Meuthen |
| NI | Lefteris Nikolaou-Alavanos |

| 7 | 0 |
|---|---|
| ECR | Eugen Jurzyca, Roberts Zīle |
| ID | Francesca Donato, Valentino Grant, France Jamet, Antonio Maria Rinaldi, Marco Zanni |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh